C/2026/6120

19.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12568 — BCFR / DEEPOCEAN / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6120)

1. An 9 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bogusław Cupiał Fundacja RODZINNA ('BCFR'), an Pholainn, faoi rialú Bogusław Cupiał, duine aonair Polannach,

— DeepOcean Investco 1 AS ('DeepOcean'), an Pholainn, atá faoi rialú Triton Partners, Lucsamburg.

Gheobhaidh BCFR agus DeepOcean rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Funamachi sp. z.o.o, cuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna sa chomhfhiontar.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fondúireacht teaghlaigh Pholannach é BCFR trína rialaíonn an tUasal Cupial Tele Fonika Kable S.A. ('TFK') agus JDR Cable Systems (Holdings) Limited ('JDR'). Tá TFK gníomhach i monarú agus i ndíol cáblaí leictreacha agus tá grúpa JDR gníomhach i réimse na gcóras cáblaí fomhuirí,

— Soláthraíonn DeepOcean seirbhísí cigireachta, cothabhála agus deisiúcháin, suirbhéireacht agus idirghabháil ar ghrinneall na farraige, tógáil fomhuirí, suiteáil cáblaí fomhuirí agus seirbhísí trinseála, athchúrsáil agus díchoimisiúnú, innealtóireacht agus bainistiú tionscadal, agus oibríochtaí digiteacha agus cianoibríochtaí gaolmhara.

3. Is iad soláthar agus suiteáil cáblaí idir-eagair fomhuirí in LEE na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar nuachruthaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12568 — BCFR / DEEPOCEAN / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË